An Cruinniú Mullaigh Euro

# Clár Oibre na gCeannairí

Márta 2018

## An tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta

Tugadh le fios go neamhbhalbh ag Cruinniú Mullaigh Euro mhí na Nollag 2017 gur deis atá sa bhorradh reatha eacnamaíoch leis an aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a dhoimhniú. Ní mór go mbeadh sé mar chuspóir againn an teacht aniar atá san aontas airgeadaíochta (gona chomhaltaí reatha agus feasta) a neartú d'fhonn feabhas a chur ar chumas an aontais suaitheadh airgeadais a sheasamh agus freagairt do dhúshláin eacnamaíocha agus shóisialta.

Tá sainordú faighte ag na hairí (An Grúpa Euro agus Comhairle ECOFIN, mar is iomchuí) leanúint den obair sin, agus tús áite a thabhairt do na réimsí sin is faide a ndeachthas leis an bplé orthu: an t-aontas baincéireachta a thabhairt chun críche agus an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (ESM) a fhorbairt a thuilleadh. Iarrfar ar Uachtarán an Ghrúpa Euro tuairisc a thabhairt ar an bplé a rinne na hairí le linn na Comhairle Eorpaí, ó tharla gur le AE28 a bhaineann na cúrsaí seo.

Mar a chinn na ceannairí de thoil a chéile i mí na Nollag 2017, beidh an Cruinniú Mullaigh Euro ag 19 mBallstát an limistéir euro ina dheis acu le díospóireacht oscailte réamhbhreathnaitheach a dhéanamh. Tá cuid mhaith de na téamaí a phléifear i mí an Mhárta pléite roinnt babhtaí cheana ag na hairí, agus gan iad ar aon fhocal ach i dtaobh nithe áirithe nach iomadúil. Ní féidir an clár oibre a fhorbairt a thuilleadh gan lámh chúnta, agus treoir dá réir, ó na ceannairí.

D'fhéadfaí na ceisteanna idirnasctha seo a leanas a áireamh ar na téamaí sin:

- Acmhainneacht fhioscach. Ar cheart acmhainneacht fhioscach a chur ar bun don limistéar euro? Céard ba phríomhchuspóir di (e.g. cobhsú maicreacnamaíoch, tacú le cúrsaí infheistíochta agus fostaíochta, athchóirithe struchtúracha a chur chun cinn)? Ar cheart di a bheith ina dlúth is inneach ag buiséad an Aontais nó ina hionstraim a bheadh gan spleáchas ar an mbuiséad sin?
- Cur chun cinn an dea-cheaptha beartais. Ar cheart níos mó a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach chun an t-iomaíochas agus athchóirithe struchtúracha lena gcothaítear an fás a chur chun cinn, chun neamhchothromaíochtaí a laghdú agus chun cóineasú marthanach a áirithiú? Ar cheart tuilleadh a dhéanamh chun an fhreagracht fhioscach a áirithiú? Cé na hionstraimí ba cheart a úsáid chuige sin?

**Moltar do na ceannairí na nithe réamhráite a phlé agus teacht ar shlí chun an obair a bhaineann leo a bhrostú.**

Ní chuirfear aon chuid den díospóireacht seo i scríbhinn.